



# Aonad 5

San aonad seo, tá nótaí agus cleachtaí ar na rudaí seo a leanas:

- 1 Fuaimniú focail agus frásaí áirithe i nGaeilge Uladh.
- 2 An réamhfocal ceart a chur le briathra agus le focail eile.
- 3 Dóigheanna éagsúla le focail agus le smaointe a threisiú.
- 4 'A' réamhtheachtach in abairtí mar 'Is doiligh liom a chreidbheáil go ndéanfadh sé sin.'
- 5 Ceartúsáid an tsaorbhriathair agus na haidiachta briathartha.

## 1 Cluas le héisteacht: seal san Ind



Ar ball beag, beidh tú ag amharc ar fhíseán ina gcuireann Gráinne Ní Ghilín síos ar a cuid taistil san India. Bain triail as an tasc thíos sula n-amharcaídh tú ar an fhíseán.

Deir Gráinne na focail 1–6 le linn an agallaimh.

- Léigh na focail. Tá siad litrithe mar a litrítear sna foclóirí iad, ach seans nach mar sin a deirtear iad. Bí ag smaoiniamh ar an dóigh a bhfuaimníonn tú féin iad.
- Amharc ar an fhíseán. Cuir cluas ort féin fá choinne na bhfocal 1–6. Caidé mar a deir Gráinne iad? An bhfuil difear ann idir fuaimniú Ghráinne agus d'fhuaimniú féin?

- 1 maidin
- 2 achan duine
- 3 dóigheanna (agus 'gnásanna', 'dathanna', 'blasanna')
- 4 bolaithe
- 5 ó thaobh radharc de
- 6 tugaim faoi deara

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

## 2 Bain triail as: an réamhfhocail

Más focail bheaga féin iad, is gné iontach tábhachtach den Ghaeilge atá sna réamhfhocail. Ní hionann mar a úsáidtear an réamhfhocail Gaeilge agus an réamhfhocail Béarla, mar is léir sa tsampla seo:

I go walking for the good of my health.

B'fhéidir go mbeadh an réamhfhocail *for* ar intinn daoine a bheadh ag iarraidh an rud céanna a rá i nGaeilge. Seans, mar sin, gur 'do' a bheadh acu.

Téim amach a shiúl ar mhaithe **do** mo shláinte. 🙄

Tharla gur réamhfhocail eile ar fad ('le') a úsáidtear sa Ghaeilge.

Téim amach a shiúl ar mhaithe **le** mo shláinte. 👍

Tá difríochtaí den chineál sin le cluinstitín sa mhéid a deir Gráinne – réamhfhocail amháin sa Bhéarla agus réamhfhocail eile ar fad sa Ghaeilge.

| Béarla  | Gaeilge  |
|---|--|
| The culture was so different <i>from</i> Irish culture. | Bhí an cultúr chomh difriúil sin <i>le</i> cultúr na hÉireann. |
| The people of India are used <i>to</i> it.              | Tá cleachtadh ag muintir na hInde <i>air</i> sin.              |
| People don't do it <i>out of</i> badness.               | Ní <i>le</i> mioscais a dhéanann daoine é.                     |

Tá tasc le déanamh agatsa anois leis na réamhfhocail a chleachtadh.

- Aistrigh go Gaeilge na habairtí 1–15.
- Bíodh aird faoi leith agat ar na réamhfhocail.

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

- |  |   |
|--|---|
| 1 I'm not afraid of ghosts.                    | 9 Have you time for a coffee?                       |
| 2 I made a complaint to the manager.           | 10 Wait for me here.                                |
| 3 Did you ever come across that book you lost? | 11 It's important to protect yourself from sunburn. |
| 4 Do you know the woman with the black hair?   | 12 We had a good laugh at it.                       |
| 5 Is this the road for Coleraine?              | 13 They came at the break of dawn.                  |
| 6 I was in Spain for a fortnight.              | 14 I was still at school at that time.              |
| 7 There's no money left for petrol.            | 15 She's in bed with a cold.                        |
| 8 There's no cure for laziness.                |   |

### 3 Focal ar fhocal: focail treise

D'úsáid Gráinne roinnt focail treise ina cuid cainte, is é sin focail agus frásaí a úsáidtear le béim a chur ar smaoineamh nó ar fhocal áirithe san abairt:

Bhí eagla an domhain orm...

Tá i bhfad níos mó daoine ann...

Tá an bia iontach, iontach te... nó thar a bheith milis.

Bhí an áit dubh le daoine.

Is iad 'iontach' agus 'millteanach' an dá fhocal treise is coitianta i nGaeilge Uladh. Bí cúramach: thig iad a úsáid mar fhocail treise nó mar aidiachtaí simplí. Ní hionann go díreach na rialacha a bhíonn i gceist sa dá chás.

Nuair is aidiachtaí simplí iad, cuirtear infhilleadh agus séimhiú i bhfeidhm orthu ach oiread le haidiacht ar bith eile:

Bíonn scéalta iontacha ag Máire.

Oíche mhillteanach a bhí ann.

Nuair a úsáidtear iad le haidiacht eile a threisiú, cuirtear infhilleadh agus séimhiú ar ceal:

Bíonn scéalta iontach greannmhar ag Máire.

Oíche millteanach fuar a bhí ann.

#### Míreanna treise

Thig míreanna a chur i dtús focail fosta leis an smaoineamh a threisiú. Is dócha gurb é 'an-' an mhír threise is coitianta sa Ghaeilge inniu, cé nach bhfuil sé chomh coitianta céanna i gCúige Uladh. Tá neart míreanna eile ann:

##### Dearg

Amadán atá ann.

Deargamadán atá ann.

##### Dubh

Bhí an ghráin acu ar a chéile.

Bhí an dubhghráin acu ar a chéile.

##### Fíor

Tá mé buartha.

Tá mé fíorbhuartha.

##### Lán

Bhí siad sásta leis an mhargadh.

Bhí siad lánsásta leis an mhargadh.

##### Rí

Is cuma liom.

Is ríchuma liom.

##### Sár

Duine atá eolach ar an stair.

Duine atá sáreolach ar an stair.

Anois, cuir achan cheann de na míreanna treise thuas in abairtí samplacha de do chuid féin.

## 4 Caighdeán agus canúint

San agallamh a rinne Gráinne faoina cuid taistil san India, d'úsáid sí dornán maith leaganacha atá coitianta sa Ghaeilge ach a deirtear a bheith 'míchaighdeánach'. Seo roinnt samplaí:

| Leagan Ghráinne      | An leagan caighdeánach |
|----------------------|------------------------|
| an Ind               | an India               |
| duine seort faiteach | duine sórt faiteach    |
| achan duine          | gach aon duine         |
| ag scairteadh        | ag scairt              |

Caidé go díreach atá i gceist le leaganacha a bheith 'caighdeánach' nó 'míchaighdeánach'? Amharc ar an fhíseán 'An Caighdeán Oifigiúil' agus freagair na ceistanna seo thíos.

- 1 Cé a cheap an Caighdeán Oifigiúil (an CO)?
- 2 Cén cuspóir a bhí leis?
- 3 Cén bhaint atá ag CO leis an Ghaeilge labhartha?
- 4 Mínígh an dá théarma seo:
  - A Leagan caighdeánach
  - B Leagan malartach

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

## 5 I ngleic leis an ghramadach: an t-ainm briathartha

In Aonad 4, pléadh cuid de na bealaí ina n-úsáidtear an t-ainm briathartha sa Ghaeilge. Chonaic muid samplaí de na struchtúir seo a leanas:

- 1 Tá mé ag iarraidh cluiche a imirt.
- 2 Tá mé ag iarraidh amharc ar an chluiche.
- 3 Tá mé ag dul a imirt cluiche.

Tá struchtúr eile ann atá coitianta sa Ghaeilge ach a mbíonn deacrachtaí ag daoine leis in amanna. Míneofar é sna nótaí seo agus beidh seans agat é a chleachtadh.

### A réamhtheachtach

Amharc ar an dá abairt seo:

Is doiligh polaiteoirí a chreidbheáil.

Is doiligh a chreidbheáil go ndéanfadh polaiteoir a leithéid.

Tá an chéad abairt díreach cosúil le ‘Tá mé ag iarraidh cluiche a imirt.’ Tig an t-ainm briathartha (‘creidbheáil’) *i ndiaidh* an chuspóra (‘polaiteoir’).

Tá leagan amach eile ar fad ar an dara habairt, rud a chuireann mearbhall ar dhaoine, corruair. Is minic a scríobhtar a leithéid mar seo, go mícheart:

Is doiligh creidbheáil go ndéanfadh polaiteoir a leithéid. 🗑️

Cad chuige a bhfuil sé sin mícheart? Is é rud go bhfuil cuspóir ag an ainm bhriathartha ‘creidbheáil’, cé nach bhfuil sé san áit a mbeifeá ag súil leis. Is é cuspóir atá ann ná ‘go ndéanfadh polaiteoir a leithéid.’ Sin é an rud atá ‘le creidbheáil’. Mar sin de, ba cheart ‘a’ gairid a chur roimh ‘creidbheáil’ agus an t-ainm briathartha a shéimhiú, díreach ar nós ainm briathartha ar bith eile a bhfuil cuspóir aige.

Cinnte, ní focal deas néata mar ‘cluiche’ atá i gculpóir na habairte seo. Tá sé rófhada le go dtiocfadh é a chur roimh an ainm bhriathartha. Abairt iontach ciotach a bheadh ann dá ndéanfaí sin:

Is doiligh go ndéanfadh polaiteoir a leithéid a chreidbheáil. 🗑️

Ina leithéid sin de chás, cuirtear an t-ainm briathartha *roimh* an chuspóir. Is dá bhrí sin a thugtar ‘a réamhtheachtach’ ar an *a* gairid.

Seo dornán eile samplaí. Tá cló trom ar an chuspóir in achan abairt.

Caithfidh muid a chinntiú **nach dtarlóidh a leithéid arís.**

Ní mian liom a thabhairt le fios **go ndearna sí rud ar bith as bealach.**

Mise a chaithfidh a rá leo **nach mbeidh muid ann.**

Bhí mé ag iarraidh a mhíniú **caidé atá le déanamh.**

## 6 I ngleic leis an ghramadach: cleachtaí

Tá dhá thasc le déanamh agat anois.

### Tasc 1

An bhfuil na habairtí seo ceart nó mícheart, dar leat? Ceartaigh abairt ar bith atá mícheart.

- 1 B’fhurasta a thuar cén toradh a bheadh ar an toghchán chéanna.
- 2 Nach dána dóibh moladh go gcuirfí deireadh leis an scéim?
- 3 Ní thig liomsa dearbhú go mbeidh post le fáil ag deireadh an chúrsa.
- 4 Is doiligh a thuigbheáil cad chuige ar ghlac sí páirt sa scannán sin.
- 5 Shocraigh muid gan insint do dhuine ar bith go bhfuil muid geallta.
- 6 Nach bhfuil sé in am agat a admháil nach bhfuil ag éirí leat?
- 7 Mo chomhairle duit séanadh go raibh baint ná páirt agat leo.
- 8 B’éigean domh gan ligean orm féin go raibh an t-airgead ar fad caite.

## Tasc 2

Athscríobh na habairtí 1–8 mar atá déanta sa tsampla:

**Sampla:** Faigh amach caidé go díreach a tharla.  
Caithfidh muid:  
Caithfidh muid a fháil amach caidé go díreach a tharla.

- 1** Míneadh cad chuige a ndearna tú é.  
Tá sé in am duit:
- 2** Déan cinnte go mbeidh an dinnéar réidh in am.  
Abair leis:
- 3** Cuir i gcuimhne dó na páistí a bhailiú ón scoil.  
D'iarr sé orm:
- 4** Deimhnigh go mbeidh tú féin i láthair.  
Tá mé ag iarraidh ort:
- 5** Abair léi go bhfuil an praghas sin ró-ard.  
Caithfidh tú:
- 6** Samhlaigh go bhfuil trí bliana imithe cheana féin!  
Is deacair:
- 7** Cruthaigh nach tú féin atá ciontach.  
An dtig leat:
- 8** Fiosraigh cén costas a bheidh air.  
Iarradh orm:

## 7 Na focail is ansa liom

D'iarr muid ar bheirt, Eithne Ní Ghallchobhair agus Antaine Ó Donnaile, cur síos dúinn ar na focail is ansa leo sa Ghaeilge. Amharc ar an fhíseán agus freagair na ceisteanna thíos.

- 1** Roghnaigh Eithne focal amháin nach bhfuil le fáil sna foclóirí: 'póganna gréine'. Cén chiall atá leis an fhocal sin, dar leat?
- 2** Caidé na focail eile a roghnaigh Eithne?

**1** \_\_\_\_\_

**2** \_\_\_\_\_

**3** \_\_\_\_\_

3 Caidé na focail a roghnaigh Antaine?

- 1 \_\_\_\_\_
- 2 \_\_\_\_\_
- 3 \_\_\_\_\_

4 Caidé na focail a roghnófa féin, dá gcuirfeadh duine ceist ort?

- 1 \_\_\_\_\_
- 2 \_\_\_\_\_
- 3 \_\_\_\_\_

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

## 8 An Lia Gramadaí: ‘Bhí siad pósta anuraidh’

Amharc ar Aodh Ó Gallchóir, an Lia Gramadaí, ag míniú an difir idir ‘Bhí siad pósta anuraidh’ agus ‘Pósadh anuraidh iad.’

I ndiaidh duit an físeán a choimhead, cuir Gaeilge ar na habairtí 1–10.

- 1 That book was published in the summer.
- 2 That battle is lost, alas.
- 3 Too many working days are lost because of illness.
- 4 Our best player was injured in the first match of the season.
- 5 I was injured at the time, and couldn't play.
- 6 The building work was never finished.
- 7 I'll have that report finished tomorrow.
- 8 German is also spoken in Belgium.
- 9 The All-Ireland Final (Cluiche Ceannais na hÉireann) is usually played in August.
- 10 The All-Ireland Final was played in September this year.

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

## 9 Cúinne na héigse: Seán Bán Mac Meanman

---

Ar ball beag, beidh tú ag amharc ar fhíseán ina gcuireann Máire Uí Cheallaigh síos ar shaol agus ar shaothar Sheáin Bháin Mhic Mheanmain, scríbhneoir as ceantar Bhaile na Finne i nGaeltacht Láir Dhún na nGall. Tá clú na dea-Ghaeilge ar a chuid scríbhinní.

Sula n-amharcaidh tú ar an fhíseán, léigh na ceistanna thíos.

- 1 Luann Máire baile beag ar a dtugtar ‘Na Gleanntaí’ i nGaeilge agus *Glenties* i mBéarla. Caidé mar a déarfá *in Glenties*? Caidé mar a deir Máire an rud céanna?
- 2 Cuir Béarla ar an abairt seo as an agallamh: ‘Tá muid faoi chomaoin ag Seán Bán mar, ach gurb é go dtáinig sé ar an fhód nuair a tháinig, ní bheadh scéalta ar bith againne fán tseanam.’
- 3 Deir Máire, ‘scríobh sé mórán gearrscéalta’. An bhfuil rud ar bith suntasach faoin dóigh a n-úsáidtear an focal ‘mórán’ san abairt sin?
- 4 Deir Máire, ‘tá leabharthaí Sheáin Bháin uilig coinniste san ionad, Áras Sheáin Bháin.’ Caidé atá i gceist le ‘coinniste’?
- 5 Agus í ag caint ar shaibhreas Gaeilge Sheáin Bháin, tugann Máire an sampla ‘dearc chugat mar a dhearcas tú uait.’ Cén chiall atá leis sin nó cén dóigh ab fharr le Béarla a chur air?
- 6 Nuair a bhítear ag caint ar dhaoine atá marbh, is minic a deirtear go bhfuil siad ‘ar shlí na fírinne.’ Deir Máire rud atá beagáinín difriúil: caidé atá ann?

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.

Tá script an fhíseáin le fáil in *Scripteanna*.

## 10 Seal ag éisteacht

---

Ar ball beag, beidh tú ag éisteacht le sliocht as alt a scríobh Seán Bán Mac Meanman.

- Éist leis an alt á léamh amach ar *Aonad 5 Comhad fuaimne 1*.
- Líon na bearnaí sa leagan den alt atá tugtha thíos.
- Tá sé bhearna le líonadh. Caidé mar a chuirfeá Béarla ar na focail agus na frásaí atá ann?
- An leaganacha caighdeánacha nó leaganacha malartacha iad?

Tá freagraí le fáil in *Nótaí agus freagraí*.



## Lusa leighis agus luibheolas Thír Chonaill\*

Bhí mórán daoine i nGaeltacht Thír Chonaill roimhe seo, agus cuid acu beo go fóill, agus an t-eolas a bhí acu ar luibheanna, bhí sé \_\_\_\_\_. Mná a bhí ina \_\_\_\_\_ seo agus bhí an t-am ann is ní raibh baile ar bith gan bhean luibheanna. Bhí na mná udaí gan Bhéarla gan léann ach ní raibh aon luibh ag fás sna \_\_\_\_\_ nó faoi bhun na gclaíocha nó ar bhruach na sruthán, nach raibh a fhios acu i gceart caidé an bhrí agus caidé an \_\_\_\_\_ a bhí inti. \_\_\_\_\_ caidé a bheadh ort, bhí leigheas duit a fhad is nach mbeadh cos nó lámh briste nó cnámh amach as a áit. Agus ní raibh an leigheas sin ag na dochtúirí nó ina gcuid \_\_\_\_\_ ach go díreach sa talamh, an áit inar chuir Dia é.

Curtha in oiriúint as aiste dar teideal 'Lusa Leighis agus Luibheolas Thír Chonaill' in *Ó Chamhaoir go Clapsholus* (1940) le Seán Mac Meanman.

Tá atheagar curtha ag Séamus Ó Cnámhsí ar sciar maith de scríbhinní Mhic Mheanmain:

- *Cnuasach Céad Conlach*, Coiscéim, 1989
- *An Chéad Mhám*, Coiscéim, 1990
- *An Dara Mám*, Coiscéim, 1991
- *An Tríú Mám*, Coiscéim, 1992

## Aonad 5: seicliosta

- Thig liom bealach fóirsteanach a roghnú le treise a chur ar fhocal nó ar smaoineamh faoi leith.
- Tá mé ábalta 'a' réamhtheachtach a láimhseáil.
- Tuigim na comhthéacsanna ina n-úsáidtear an briathar saor seachas aidiacht bhriathartha.
- Scríobh mé nótaí ar na focail is ansa liom sa Ghaeilge.

# Nótaí agus freagraí

## 1 Cluas le héisteacht: seal san Ind

---

### 1 maidin

Fuaimníonn Gráinne an focal amhail is go bhfuil síneadh fada ar an dara siolla ('maidín'). Sin mar is gnách an focal a rá i nGaeilge Uladh.

### 2 achan duine

I gCúige Uladh, fuaimnítear 'duine' amhail is go bhfuil dhá 'n' ann ('duinne'). Ritheann an litir deireanach den fhocal 'achan' agus an chéad litir den fhocal 'duine' isteach ina chéile go ndéantar 'n' dúbailte díobh. Is é a deir Gráinne, 'achan nduinne'.

### 3 dóigheanna (agus 'gnásanna', 'dathanna', 'blasanna')

Is gnách fuaim 'í' a bheith i ndeireadh foirmeacha iolra a chríochnaíonn in -nna. Sin go díreach mar a deir Gráinne iad: 'dóigheannaí'.

### 4 bolaithe

Fuaimníonn Gráinne an focal amhail is gur 'bolaí' atá ann. Is mar sin is gnách le daoine foirmeacha iolra a chríochnaíonn in -(a)ithe a rá.

### 5 ó thaobh radharc de

I nGaeilge Chúige Uladh, is 'd' leathan atá i dtús an réamhfhocail 'de'. Dá bhrí sin, bíonn sé deacair dealú idir 'de' agus réamhfhocal eile ar fad: 'do'. Is gnách 'do' a rá fiú amháin nuair is 'de' a bheadh sa Ghaeilge scríofa.

- Bhain mé domh mo chóta. (Bhain mé díom mo chóta.)
- Ó thaobh na polaitíochta dó. (Ó thaobh na polaitíochta de.)
- Tá mé buíoch duit. (Tá mé buíoch díot.)

Is mar gheall air sin a deir Gráinne, 'ó thaobh radharc dó.'

### 6 tugaim faoi deara

Is é a deir Gráinne 'tugaim fá dear.' Is é sin, 'fá' atá aici in áit 'faoi' agus ní deirtear an 'a' deireanach san fhocal 'deara.' Is mar sin a deirtear an frása i nGaeilge Uladh.

## 2 Bain triail as

---

Aistriúcháin shamplacha atá sna freagraí thíos. Thiocfadh aistriúcháin eile a bheith ceart fosta.

### 1 I'm not afraid of ghosts.

Níl eagla ormsa **roimh** thaibhsí.

### 2 I made a complaint to the manager.

Rinne mé gearán **leis** an bhainisteoir.

### 3 Did you ever come across that book you lost?

Ar tháinig tú riamh **ar** an leabhar sin a chaill tú?

- 4 Do you know the woman with the black hair?  
*An bhfuil aithne agat ar an bhean úd a bhfuil gruaig dhubh uirthi? (Nó, 'ar bhean na gruaige duibhe'.)*
- 5 Is this the road for Coleraine?  
*An é seo an bealach **go** Cúil Raithin?*
- 6 I was in Spain for a fortnight.  
*Bhí mé sa Spáinn **ar feadh** coicíse.*
- 7 There's no money left for petrol.  
*Níl airgead ar bith fágtha **fá choinne** peitрил.*
- 8 There's no cure for laziness.  
*Níl leigheas ar bith **ar** an fhalsacht.*
- 9 Have you time for a coffee?  
*An bhfuil am agat **fá choinne** caife?*
- 10 Wait for me here.  
*Fan **liom** anseo. (Tá 'fan orm' coitianta sa chaint fosta.)*
- 11 It's important to protect yourself from sunburn.  
*Tá sé tábhachtach tú féin a chosaint **ar** dhó gréine.*
- 12 We had a good laugh at it.  
*Rinne muid ár sáith gáire **faoi**.*
- 13 They came at the break of dawn.  
*Tháinig siad **le** breacadh an lae.*
- 14 I was still at school at that time.  
*Bhí mé **ar** scoil go fóill san am sin.*
- 15 She's in bed with a cold.  
*Tá sí sa leaba **agus** slaghdán uirthi.*

## 4 Caighdeán agus canúint

---

1 Cé a cheap an Caighdeán Oifigiúil (an CO)?

*Rannóg an Aistriúcháin, an fhoireann aistritheoirí a chuireann seirbhísí aistriúcháin ar fáil do Thithe an Oireachtais.*

2 Cén cuspóir a bhí leis?

*Sraith rialacha a chur ar fáil le go mbeadh foirmeacha gramadaí caighdeánacha sa teanga scríofa.*

3 Cén bhaint atá ag CO leis an Ghaeilge labhartha?

*Níl caighdeán ann fá choinne na teanga labhartha ná fá choinne chóras fuaimeanna na Gaeilge.*

4 Mínigh an dá théarma seo:

**A** Leagan caighdeánach

**B** Leagan malartach

**A** *An príomhleagan a thugtar in Foclóir Gaeilge–Béarla. Seo an leagan ba cheart a úsáid i gcás téacsanna oifigiúla a scríobhtar de réir an CO.*

**B** *Leagan eile den fhocal atá le fáil i gcanúint faoi leith. Tá lánchead na leaganacha seo a úsáid i dtéacs ar bith nach gcaithfear a scríobh de réir an CO.*

## 6 I ngleic leis an ghramadach: cleachtaí

---

### Tasc 1

1 B'fhurasta a thuar cén toradh a bheadh ar an toghchán chéanna.

**Ceart.** *Tá an clásal 'cén toradh a bheadh ar an toghchán chéanna' ina chuspóir ag an ainm bhriathartha 'tuar'.*

2 Nach dána dóibh moladh go gcuirfí deireadh leis an scéim?

**Mícheart.** *Tá an clásal 'go gcuirfí deireadh leis an scéim' ina chuspóir ag an ainm bhriathartha 'moladh'.*

**Leagan ceart:** *Nach dána dóibh a mholadh go gcuirfí deireadh leis an scéim?*

3 Ní thig liomsa dearbhú go mbeidh post le fáil ag deireadh an chúrsa.

**Mícheart.** *Tá an clásal 'go mbeidh post le fáil ag deireadh an chúrsa' ina chuspóir ag an ainm bhriathartha 'dearbhú.'*

**Leagan ceart:** *Ní thig liomsa a dhearbhú go mbeidh post le fáil ag deireadh an chúrsa.*

4 Is doiligh a thuigbheáil cad chuige ar ghlac sí páirt sa scannán sin.

**Ceart.** *Tá an clásal 'cad chuige ar ghlac sí páirt sa scannán sin' ina chuspóir ag an ainm bhriathartha 'tuigbheáil'.*

5 Shocraigh muid gan insint do dhuine ar bith go bhfuil muid geallta.

**Mícheart.** *Tá an clásal 'go bhfuil muid geallta' ina chuspóir ag an ainm bhriathartha 'insint'.*

**Leagan ceart:** *Shocraigh muid gan a insint (nó 'gan a inse') do dhuine ar bith go bhfuil muid geallta.*

6 Nach bhfuil sé in am agat a admháil nach bhfuil ag éirí leat?

**Ceart.** *Tá an clásal 'nach bhfuil ag éirí leat' ina chuspóir ag an ainm bhriathartha 'admháil'.*

7 Mo chomhairle duit séanadh go raibh baint ná páirt agat leo.

**Mícheart.** Tá an clásal 'go raibh baint ná páirt agat leo' ina chuspóir ag an ainm bhriathartha 'séanadh'.

**Leagan ceart:** Mo chomhairle duit a shéanadh go raibh baint ná páirt agat leo.

8 B'éigean dom gan ligean orm féin go raibh an t-airgead ar fad caite.

**Mícheart.** Tá an clásal 'go raibh an t-airgead ar fad caite' ina chuspóir ag an ainm bhriathartha 'ligean'.

**Leagan ceart:** B'éigean dom gan a ligean orm féin go raibh an t-airgead ar fad caite.

## Tasc 2

- 1 Tá sé in am duit a mhíniú cad chuige a ndearna tú é.
- 2 Abair leis a dhéanamh cinnte go mbeidh an dinnéar réidh in am.
- 3 D'iarr sé orm a chur i gcuimhne dó na páistí a bhailiú ón scoil.
- 4 Tá mé ag iarraidh ort a dheimhniú go mbeidh tú féin i láthair.
- 5 Caithfidh tú a rá léi go bhfuil an praghas sin ró-ard.
- 6 Is deacair a shamhlú go bhfuil trí bliana imithe cheana féin!
- 7 An dtig leat a chruthú nach tú féin atá ciontach?
- 8 Iarradh orm a fhiosrú cén costas a bheidh air.

## 7 Na focail is ansa liom

---

1 Roghnaigh Eithne focal amháin nach bhfuil le fáil sna foclóirí: 'póganna gréine'. Cén chiall atá leis an fhocal sin, dar leat?

*Bricíní nó freckles atá i gceist le 'póganna gréine.'*

2 Caidé na focail eile a roghnaigh Eithne?

4 Deora Dé

5 Lus an chromchinn

6 Muc mara

3 Caidé na focail a roghnaigh Antaine?

4 suóg

5 cumhaidh (cumha)

6 mórtas

4 Caidé na focail a roghnófa féin, dá gcuirfeadh duine ceist ort?

*Fút féin atá sé an cheist sin a fhreagairt.*

## 8 An Lia Gramadaí: ‘Bhí siad pósta anuraidh’

---

Seo leaganacha Gaeilge de na habairtí 1–10. Is aistriúcháin shamplacha iad; is cinnte go dtiocfadh na habairtí a aistriú ar bhealaí eile.

- 1 Sa tsamhradh a foilsíodh an leabhar sin.
- 2 Tá an cath sin cailte, faraor.
- 3 Cailtear barraíocht laethanta oibre mar gheall ar thinneas.
- 4 Gortaíodh an t-imreoir is fearr atá againn sa chéad chluiche den tséasúr.
- 5 Bhí mé gortaithe san am, agus ní raibh mé ábalta imirt.
- 6 Níor críochnaíodh an obair thógála riamh.
- 7 Beidh an tuairisc sin críochnaithe agam amárach.
- 8 Labhraítear (nó ‘labhartar’) an Ghearmáinis sa Bheilg fosta.
- 9 I mí Lúnasa a imrítear Cluiche Ceannais na hÉireann, de ghnáth.
- 10 I mí Mheán Fómhair a imríodh Cluiche Ceannais na hÉireann i mbliana.

## 9 Cúinne na héigse: Seán Bán Mac Meanman

---

- 1 Luann Máire baile beag ar a dtugtar ‘Na Gleanntaí’ i nGaeilge agus *Glenties* i mBéarla. Caidé mar a déarfá *in Glenties*? Caidé mar a deir Máire an rud céanna?

*Bheadh fonn ort, b'fhéidir, 'sna Gleanntaí' a rá, ach tá claonadh i nGaeilge Chúige Uladh an réamhfhocail 'ar' a úsáid i gcás go bhfuil an t-alt (san uimhir uatha nó san uimhir iolra) ina pháirt den logainm. Seo dornán eile samplaí:*

*Ar an Chlochán Liath*

*Ar an Bhaile Mheánach*

*Ar na Cealla Beaga*

- 2 Cuir Béarla ar an abairt seo as an agallamh: ‘Tá muid faoi chomaoin ag Seán Bán mar, ach gurb é go dtáinig sé ar an fhód nuair a tháinig, ní bheadh scéalta ar bith againne fán tseanam.’

*Beidh a leagan féin ag achan duine, ach seo an chiall atá leis an abairt Ghaeilge: We are indebted to Seán Bán because, if he hadn't been on the scene when he was, we would have no stories about the old days.*

- 3 Deir Máire, ‘scríobh sé mórán gearrscéalta’. An bhfuil rud ar bith suntasach faoin dóigh a n-úsáidtear an focal ‘mórán’ san abairt sin?

*De ghnáth, úsáidtear ‘mórán’ i gceisteanna agus in abairtí diúltacha:*

*Níl mórán céille ag an ghasúr sin.*

*An bhfuil mórán airgid fágtha sa chuntas?*

*Is gnách focail eile a úsáid in abairtí deimhneacha:*

*Tá neart céille ag an ghasúr sin.*

*Tá tréan airgid fágtha sa chuntas.*

*Is sa Ghaeltacht Láir agus i ndeisceart Dhún na nGall (Teileann, Gleann Cholm Cille) is mó a úsáidtear ‘mórán’ in abairtí deimhneacha. Dar ndóigh, tá sé iomlán ceart.*

- 4 Deir Máire, ‘tá leabharthaí Sheáin Bháin uilig coinniste san ionad, Áras Sheáin Bháin.’ Caidé atá i gceist le ‘coinniste’?

*Is ionann ‘coinniste’ agus ‘coinnithe’. Gné de chanúint Uladh atá ann an deireadh sin –(a)iste a chur le haidiachtaí briathartha, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an dara réimniú.*

| Modh ordaitheach | Leagan caighdeánach | Leagan canúnach |
|------------------|---------------------|-----------------|
| ceannaigh        | ceannaithe          | ceannaiste      |
| críochnaigh      | críochnaithe        | críochnaiste    |

Úsáidtear foirmeacha mar ‘coinnithe’ agus ‘críochnaithe’ go coitianta i nGaeilge Uladh fosta.

- 5 Agus í ag caint ar shaibhreas Gaeilge Sheáin Bháin, tugann Máire an sampla ‘dearc chugat mar a dhearcas tú uait.’ Cén chiall atá leis sin nó cén dóigh ab fhearr le Béarla a chur air?

*Is é atá i gceist gur cheart do dhaoine breithiúnas a thabhairt orthu féin chomh dian céanna leis an bhreithiúnas a thugann siad ar dhaoine eile: do unto others as you would have done unto you.*

- 6 Nuair a bhítear ag caint ar dhaoine atá marbh, is minic a deirtear go bhfuil siad ‘ar shlí na fírinne.’ Deir Máire rud atá beagáinín difriúil: caidé atá ann?

*Is é a deir Máire ‘ar shlua na fírinne.’*

## 10 Seal ag éisteacht

### Lusa leighis agus luibheolas Thír Chonaill\*

Bhí mórán daoine i nGaeltacht Thír Chonaill roimhe seo, agus cuid acu beo go fóill, agus an t-eolas a bhí acu ar luibheanna, bhí sé **sonraíoch**.<sup>1</sup> Mná a bhí ina **mbunús**<sup>2</sup> seo agus bhí an t-am ann is ní raibh baile ar bith gan bhean luibheanna. Bhí na mná udaí gan Bhéarla gan léann ach ní raibh aon luibh ag fás sna **garranta**<sup>3</sup> nó faoi bhun na gclaíocha nó ar bhruach na sruthán, nach raibh a fhios acu i gceart caidé an bhrí agus caidé an **bhuaidh**<sup>4</sup> a bhí inti. **Ba chuma in Éirinn**<sup>5</sup> caidé a bheadh ort, bhí leigheas duit a fhad is nach mbeadh cos nó lámh briste nó cnámh amach as a áit. Agus ní raibh an leigheas sin ag na dochtúirí nó ina gcuid **cógaisí**<sup>6</sup> ach go díreach sa talamh, an áit inar chuir Dia é.

- 1** ...*bhí sé sonraíoch*. Is é sin, chuirfeá sonrú ann. Bhí eolas thar an choitiantacht acu. Tá ‘sonraíoch’ iomlán caighdeánach – ní leagan d’fhocal atá ann, ach focal ann féin. Corruair, bíonn an ‘n’ chomh srónach sin agus ar éigean a chluintear é. Tarlaíonn an rud céanna i gcás ‘sonrú’.
- 2** *Mná a bhí ina mbunús seo...* Is é sin, mná a bhí ina bhformhór. Is focal iomlán caighdeánach é seo.
- 3** ...*sna garranta...* Ní ‘gairdín’ ná ‘garraí’ is gnách le daoine a rá i nGaeilge Uladh, ach an leagan malartach ‘garradh’. Is foirm iolra mhalartach é ‘garranta’.
- 4** ...*caidé an bhuaidh...* Is é sin, an buntáiste nó an sochar nó an fiúntas a bhain leis. Is é ‘bua’ an leagan caighdeánach ach tá an leagan malartach ‘buidh’ coitianta i nGaeilge Uladh. Tá ‘bua’ firinscneach agus tá ‘buidh’ baininscneach; is minic a bhíonn difear inscne ann idir an leagan caighdeánach agus an leagan malartach.
- 5** *Ba chuma in Éirinn...* Is minic a úsáidtear ‘Éire’ le smaoineamh a threisiú: ‘Tá an ceann seo i bhfad Éireann níos fearr’, ‘Níl a fhios agam in Éirinn cén dóigh a ndearna sé é.’
- 6** ...*cógaisí...* Is foirm iolra mhalartach é seo. Is é ‘cógais’ an t-iolra caighdeánach.



# Scripteanna

## 1 Cluas le héisteacht: seal san Ind

### Gráinne Ní Ghilín

Is dóigh liom gur duine seort faiteach mé, ar go leor dóigheanna. Agus nuair a chuaigh mise go dtí an Ind<sup>1</sup> den chéad uair,<sup>2</sup> bhí mé scanraithe. Bhí eagla an domhain orm mar bhí an cultúr chomh difriúil sin le cultúr na hÉireann. Tá i bhfad níos mó daoine ann. So, sin rud amháin – díreach, na sluaite a bhíonn ann.

Is cuimhin liom dul isteach i stáisiún traenach, ar a sé a chlog, maidin amháin agus bhí an áit dubh le daoine. Tuigean tú ansin cad is ciall leis an chor cainte sin nó leis an fhrása sin, ‘dubh le daoine.’ Bhí tú, bhí achan duine brúite lena chéile. Agus bhí sé iontach doiligh do bhealach a dhéanamh le fáil a fhad leis an ardán, leis an traen a fháil.

Ach ar dhóigh éigin, tá cleachtadh ag muintir na hInde air sin. Sin mar a chaitheann siad a saol. Agus tá córais ann nach dtuigean duine ón larthar ach oibríonn sé. Tá bealaí ann le bogadh thart ar dhaoine. Agus, díreach, amharcann tú ar na daoine áitiúla agus déanann tú aithris orthu nó déanann tú an rud atá siadsan ag déanamh. Agus éiríonn leat, i ndiaidh tamaill, dul i dtaithe ar na gnásanna agus ar an chineál iompair a éascaíonn an bealach in achan ghné den tsaol.

Chuala mé cur síos ar an Ind, agus go háirithe ar an eispéireas a bhíonn ag daoine a théann go dtí an Ind den chéad uair, gur ‘ionsaí ar na céadfaí’ atá ann. Agus sin díreach an rud a mhoithigh mise nuair a chuaigh mé ann. Agus nuair a théim ann – tá mé ag dul ann le seacht mbliana déag – agus i gcónaí, tá seort ionsaí ar na céadfaí i gceist.

Tá bolaithe difriúla san aer, mar shampla. Tá callán ann nach mbíonn sa tír seo nuair a bhíonn tú ar na bóithre, mar shampla. Is den, is gnáthnós é a bheith ag bualadh ar adharc an chairr agus a bheith ag scairteadh amach as an fhuinneog. Agus ní le mioscais a dhéanann daoine sin ach díreach, sin mar a dhéanann daoine cumarsáid ar na bóithre.

Ó thaobh radharc de, más ag caint ar na céadfaí atá muid, ó thaobh radharc de, tá dathanna le fáil sa tír sin nach bhfuil sa tír seo. Tugaim faoi deara nuair a thagaim abhaile, i ndiaidh tréimhse san Ind, go bhfuil éadaí s’againn iontach dorcha, go mbíonn muid uilig ag caitheamh dubh agus liath agus dúghorm. Ach san Ind, na mná go háirithe, caitheann siad éadaí – *Saris*, mar shampla – agus dathanna agus patrúin láidre orthu. So sin rud iontach, *just* a bheith spreagtha ar an leibhéal sin. An radharc a bheith spreagaithe, bolaithe, na blasanna. Tá an bia iontach, iontach te, iontach spíosruil nó thar a bheith milis. Agus is doiligh theacht<sup>3</sup> ar bhia, seort, nach ndóinn do theangaidh nó nach mbíonn tú ag iarraidh é a chaitheamh amach as siocair<sup>4</sup> é a bheith chomh milis sin.

So, is dóigh liom go bhfuil an saol, agus an t-eispéireas ar an tsaol agus ort féin, i bhfad níos láidre san Ind ná mar a bhíonn anseo in Éirinn. Tá muid i bhfad níos ciúine, agus níos suaimhní.

1 ...go dtí an Ind... Is é ‘an India’ an leagan caighdeánach, ach tá ‘an Ind’ sa Ghaeilge le fada an lá.

- 2 ...*den chéad uair*... Is mar sin a litrítear an frása de réir na bhfoclóirí, cé go bhfuil ‘don chéad uair’ i bhfad níos coitianta sa chaint.
- 3 *Is doiligh theacht ar bhia*... Bíonn séimhiú ar an ainm briathartha ‘teacht’ fiú nuair nach mbíonn cuspóir aige.
- 4 ...*as siocair*... Is gnách an frása seo a rá amhail is gur ‘siocair’ atá ann, mar ritheann an dá ‘s’ isteach ina chéile.

## 4 Caighdeán agus canúint

**Siuán:** ‘An Caighdeán Oifigiúil’. Bíonn daoine ag caint faoi. Bíonn daoine eile ag tabhairt amach faoi. Caidé go díreach atá ann?

**Antain:** *Well*, tá leideadh<sup>1</sup> san ainm, mar a déarfá. Is caighdeán atá ann don Ghaeilge scríofa i gcúrsaí oifigiúla – tuarascálacha, achtanna agus rudaí mar sin. Téacsanna oifigiúla. Agus an dream a cheap an Caighdeán Oifigiúil, is aistritheoirí iad i dTithe an Oireachtais. ‘Rannóg an Aistriúcháin’ a thugtar orthu. Agus bhí siad ag iarraidh sraith rialacha gramadaí le go mbeadh leanúnachas ina gcuid oibre, sna téacsanna a chuireann siad féin ar fáil. Agus chuir siad na moltaí sin i bhfoirm leabhair sna caogaidí. Leabhar beag, *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge: an Caighdeán Oifigiúil*. So, sin go bunúsach an rud atá sa Chaighdeán Oifigiúil.

**Siuán:** Cad chuige ar measadh gá a bheith leis?

**Antain:** Is dóiche, ceann is go bhfuil an Ghaeilge roinnte i gcanúintí agus go bhfuil bearna mhór idir cuid de na canúintí sin. Rud chomh bunúsach le, abairt mar seo, cuir i gcás: *I made a house for myself or I built myself a house*. Is é an rud a déarfadh an tUltach, ‘Rinn’ mé teach domh fhéin.’ Agus is é an rud a déarfadh an Muimhneach ná ‘Do dheineas tig dhom féinig.’ Agus má chuireann tú an dá rud sin i gcomparáid le chéile – ‘Rinn’ mé teach domh fhéin’ agus ‘Do dheineas tig dhom féinig’ – tá difear mór idir na habairtí sin.

Agus bhí daoine ag amharc air seo agus ag ráit leo féin, ‘Má tá an teangaidh seo le húsáid sa chóras oideachais, go náisiúnta. Má tá sé le húsáid sa státchóras, tá gá le cineál, leanúnachas agus le, cineál caighdeán scríofa. Agus sin pointe tábhachtach gur caighdeán scríofa atá ann. Níl caighdeán ar bith ann fá choinne na Gaeilge labhartha. Agus má deir duine leat go bhfuil tú ag caint go míchaighdeánach, níl bunús ar bith leis sin, mar níl a leithéid de rud ann agus caighdeán labhartha.

**Siuán:** Cad chuige a mbíonn daoine míshásta faoin Chaighdeán, do bharúil?

**Antain:** Is dóiche go mbíonn míthuiscintí ann. Is dóigh le daoine go bhfuil an Caighdeán, cineál, ag caitheamh anuas, go bhfuil sé ag déanamh beag is fiú de chaint na Gaeltachta. Agus ní dóigh liom go raibh sé sin i gceist ag na daoine a cheap an Caighdeán. Cuid mhór de na daoine a cheap an Caighdeán, ba as an Ghaeltacht iad. Ach sin an chuma atá air, ceann is go bhfuil stádas ag baint leis an Chaighdeán. Má tá tú ag iarraidh post a bhaint amach i saol na Gaeilge, mar shampla, go minic, ní leor duit Gaeilge na Gaeltachta a

bheith agat. Caithfidh tú eolas a chur ar an Chaighdeán Oifigiúil seo. Agus, b'fhéidir go gcuireann sin isteach ar dhaoine. Síleann siad go ndéanann sé cineál 'díluacháil' ar Ghaeilge na Gaeltachta.

Agus chomh maith leis sin, nuair a ceapadh an Caighdeán, bhí sé le húsáid i dtéacsanna oifigiúla. Ach tá sé i ndiaidh leathnú amach rud beag. Agus sílim go dtéann daoine thar fóir, go minic, ag iarraidh an Caighdeán a chur i bhfeidhm ar gach uile rud. Fógra beag a bheadh le crochadh i siopa, mar shampla, bheadh siad ag iarraidh é a bheith caighdeánach. Agus, bileoga aifrinn agus téacsanna litríochta, fiú amháin – bíonn daoine ag iarraidh iad sin a bheith caighdeánach. Agus ní chuige sin a ceapadh an Caighdeán Oifigiúil. Agus is dóigh liom go gcuireann sin isteach ar dhaoine, rud beag.

**Siuán:** Agus bíonn daoine eile fríd a chéile – cé acu focal atá ceart. Mada nó madra nó madadh? Caidé is cúis leis sin?

**Antain:** *Well*, an rud atá ansin – Rannóg an Aistriúcháin, rinne siad cuid mhór oibre mar gheall ar rialacha gramadaí, ach ní dharna siad mórán faoi stór focal na Gaeilge. Agus fágadh an obair sin faoi fhear as an áit seo, as Gaeltacht Thír Chonaill – Niall Ó Dónaill as Loch an Iúir, a bhí ina eagarthóir ar *Foclóir Gaeilge-Béarla*, a foilsíodh sna seachtóidí.

Agus bhí an obair a bhí le déanamh ag Niall... ná focal caighdeánach amháin a phiocadh amach áit a bhfuil níos mó ná leagan amháin den fhocal ann. Mar sin de, an sampla sin a bhí agat, 'madra'. Tá 'madra' i bpáirteanna den tír. Tá 'madadh' i nDún na nGall. Tá 'mada' i gConnachta. Agus b'éigean dó<sup>2</sup> ceann amháin acu sin a roghnú mar 'leagan caighdeánach'. Agus 'madra' a roghnaigh sé, sa chás áirithe seo. Ach ní raibh sé ag iarraidh a thabhairt le fios go bhfuil 'madadh' mícheart, ná 'mada' mícheart. An rud a rinne sé, tá siad istigh san fhoclóir mar 'leaganacha malartacha'. Agus is é an chiall atá leis sin, go bhfuil siad ceart, go dtig leat iad a úsáid ach b'fhearr duit 'madra' a úsáid más téacs caighdeánach atá á scríobh agat. Má tá daoine ag súil leat a bheith caighdeánach, b'fhearr duit 'madra' a úsáid.

Agus an dóigh ar léirigh sé sin san fhoclóir – má théann tú go dtí 'madadh', mar shampla, chífidh tú go bhfuil comhartha beag comhionannais nó *equals sign* ag dul i dtreo 'madra.' Agus is é an treoir atá ansin ná gurb é 'madra' an rud caighdeánach agus go bhfuil 'madadh' ina leagan malartach. Ach ní hionann sin agus a rá go bhfuil sé mícheart ar bhealach ar bith. Ní hé sin an rud a bhí sé ag iarraidh a thabhairt le fios.

- 1 ...*leideadh*... Is é 'leid' an leagan caighdeánach. Is leagan malartach é 'leideadh' – sampla maith den rud atá i gceist san agallamh seo.
- 2 ...*b'éigean dó*... Cé go bhfuil síneadh fada ar an chéad siolla den focal 'éigean', fuaimnítear gairid é: 'b'eigean dó.'

## 7 Na focail is ansa liom

### Eithne Ní Ghallchobhair

Na focla anois a lasas<sup>1</sup> mo chroí. Á, ‘deora Dé’. Sílim go bhfuil sin thar a bheith deas, agus iad ag titim ar na craobhacha. Agus ‘lus an chromchinn’ mar an gcéanna. Tig siad amach agus bíonn a fhios agat<sup>2</sup> nuair a chíonn tú iad go bhfuil an t-earrach linn agus go bhfuil an Cháisc ag tarraingt orainn. Agus lasfadh siad<sup>3</sup> do chroí.

Is breá liom an focal ‘muc mara’. Is breá, is aoibhinn liom é. Tá siad mór agus téagartha agus ramhar agus tá sé, nuair a chíonn tú é, tá sé ina mhuc agus tá sé istigh sa mhuir agus sílim gur cur síos iontach beacht atá ann ar an ainmhí féin.

Ach, thar rud ar bith eile, is aoibhinn liom an focal ‘póganna gréine’. Is aoibhinn liom é agus mé ar maos, sa talamh, in iardheisceart Dhún na nGall.

- 1 ...*a lasas mo chroí*... Sampla den fhoirm choibhneasta a bhfuil cur síos air in Aonad 1. Is ionann é agus ‘a lasann mo chroí’.
- 2 ...*bíonn a fhios agat*... I ndeisceart Dhún na nGall, is gnách le daoine ‘agham’, ‘aghat’, ‘aghainn’ agus ‘aghaibh’ a rá.
- 3 *Agus lasfadh siad do chroí*. Tá fuaim *t* le cluinstitín i ndeireadh an bhriathair ‘lasfadh’ toisc go bhfuil ‘siad’ ag teacht ina dhiaidh.

### Antaine Ó Donnaile

Focal amháin a bhfuil dúil mhór agam ann ná focal a léigh mé sa leabhar *Caisleáin Óir*.<sup>1</sup> Nuair a dúirt Bábaí – an cailín beag seo, Bábaí Mháirtín, sílim, atá uirthi – le Séimí Phádraig Duibh: ‘Ó, a Shéimí, ar buaileadh thú inniu? Tá lorg na suóg ar d’aghaidh.’ Agus an focal sin, ‘suóg’ do...deora beaga ar aghaidh an pháiste, chuaigh sin i bhfeidhm go mór orm.

Tá cúpla focal eile is maith liom. Is breá liom an focal ‘cumhaidh’ mar baineann sé le dúchas agus baineann sé le pobal agus tá níos mó i gceist ná *homesickness* nó *nostalgia*. Tá rud níos doimhne, sílim, nach bhfuil sa Bhéarla, ní dóigh liom. Agus is breá liom an fhuaim atá leis an fhocal sin – ‘cumhaidh’, i gCúige Uladh.

Agus focal eile atá iontach deas sa Ghaeilge, is dóigh liom, ná ‘mórtas.’ Mar tá difear mór idir ‘mórtas’ agus ‘bród’, is dóigh liom. ‘Bród’ – tá sin ag... Níl a fhios agam an bhfuil sin chomh dearfach. Baineann ‘mórtas’ arís le, cineál, meas a bheith agat ort féin agus ar do mhuintir<sup>2</sup> agus ar d’áit agus ar do phobal. Agus is maith liom sin.

- 1 *Caisleáin Óir* le Séamus Ó Grianna (Máire), a foilsíodh sa bhliain 1924. Áirítear é ar cheann de mhórshaothair údair Ghaeltacht Thír Chonaill. Chuir Niall Ó Dónaill eagar ar eagrán nua sa chló Rómhánach le haghaidh Mercier Press.
- 2 ...*do mhuintir*... Tá an ‘n’ san fhocal ‘muintir’ chomh srónach sin gur ar éigean a chluintear é. Deir Antaine rud éigin atá cosúil le ‘muitir.’

## 8 An Lia Gramadaí: ‘Bhí siad pósta anuraidh’

Amharcaidh muid anois ar dheacracht a bhíonn ag daoine leis an aidiacht bhriathartha agus an briathar saor, rudaí ar nós, ‘Bhí siad pósta anuraidh’ in áit ‘Pósadh anuraidh iad.’

Tá an rud seo againn sa teangaidh ar a dtugaimid ‘aidiacht bhriathartha’ agus, dála go leor aidiachtaí eile, is é a dhéanann an aidiacht bhriathartha ná go dtugann sí *staid* le fios dúinn. Déarfadh duine, cuir i gcás, go bhfuil an fhuinneog briste, go bhfuil na haistí sin uilig ceartaithe anois ag an mhúinteoir, nó go bhfuil an teach úr sin tógtha anois. Tá droch-chlaonadh ag daoine an aidiacht bhriathartha a úsáid nuair ba cheart daofa an briathar saor a úsáid.

Úsáideann muid an briathar saor sa Ghaeilge nuair a bhíonn muid ag trácht ar ghníomh ach nuair nach mbíonn muid ag tabhairt le fios cé atá, a bhí nó a bheas ina bhun. Sa Bhéarla, b’fhéidir go ndéarfadh duine, ‘That house was built last year.’ Is é a déarfadh duine sa Ghaeilge, ‘Tógadh an teach sin anuraidh,’ nó ‘Anuraidh a tógadh an teach sin.’ Ní bheadh sé ceart sa chás sin aidiacht bhriathartha a úsáid [Bhí an teach sin tógtha anuraidh.] Tógfaimid sampla eile: in áit, ‘Bhí an carr sin díolta inné,’ is é ba cheart a ráit ansin ná, ‘Díoladh an carr sin inné.’

Déanta na fírinne, thiofadh leis an aidiacht bhriathartha brí eile ar fad a chur in iúl. Amharcaidh muid anois ar dhá shampla beaga leis sin a léiriú. Dá ndéarfadh duine, ‘Bhí siad pósta anuraidh,’ thuigfeadh duine go breá gur mar sin a bhí acu anuraidh ach tá baol ansin go mbeifí ag tabhairt le fios go mb’fhéidir gur athraigh a stádas pósta ó shin<sup>1</sup> agus go mb’fhéidir nach bhfuil siad pósta níos mó. Ach dá ndéarfadh duine, ‘Pósadh anuraidh iad,’ bheadh sé breá soiléir, go díreach, go raibh an bhainis acu anuraidh agus ní bheadh an baol céanna míthuisceana sin ag baint leis.

Gan amhras, úsáidtear an briathar saor sna haimsirí eile fosta. San aimsir láithreach, cuir i gcás, déarfadh duine, ‘Déantar cácaí deasa sa tsiopa sin,’ ní ‘Bíonn cácaí deasa déanta sa tsiopa sin.’ Nó, agus muid ag caint faoin am atá romhainn, b’fhéidir go ndéarfadh duine, ‘Ceannófar an teach sin go luath,’ ní ‘Beidh an teach sin ceannaithe go luath.’

Is fusa i gcónaí, sílim, cuimhneamh ar shamplaí ná ar rialacha. Mar sin, smaointigí<sup>2</sup> ar na samplaí beaga praiticiúla sin, agus beidh sibh go breá.

- 1** *ó shin...* Deir Aodh na focail seo amhail is gur ‘ó shoin’ a bheadh ann.
- 2** *smaointigí...* ‘Smaoinígí’ an leagan caighdeánach. Bíonn an ‘n’ iontach srónach ar fad agus is ar éigean a chluintear ar chor ar bith é. Is dá bharr sin a fhuaimnítear ‘smaoineamh’ ar nós ‘smaoitíú’.

## 9 Cúinne na héigse: Seán Bán Mac Meanman

### Máire Uí Cheallaigh

Anois, rugadh Seán Bán i gceantar Bhaile na Finne, baile fearainn ar a dtugtar ‘an Ceann Garbh’, agus sa bhliain ocht déag ochtó is a dó. Agus fear a bhí i Seán Bán a chaith, arís, mórchuid dá shaol sa cheantar, taobh amuigh de bheith ag teagasc ar na Gleanntaí. Agus d’fhág sé oidhreacht luachmhar liteartha ina dhiaidh, mar scríobh sé ceithre leabhar dhéag go hiomlán, chomh maith le haltanna in irisí. Agus scríobh sé trí mhiondráma fosta.

Agus, creidim, tá muid faoi chomaoin<sup>1</sup> ag Seán Bán mar, ach gurb é go dtáinig sé<sup>2</sup> ar an fhód nuair a tháinig, ní bheadh scéalta ar bith againne fán tseanam. Nó, i ndáiríribh, is é chóir a bheith an t-aon scríbhneoir<sup>3</sup> é a scríobh fán cheantar féin. Tá mórán daoine eile, b’fhéidir, a bhí ag scríobh fá cheantar Ghleann Fhinne agus ceantair mar sin, ach scríobh Seán Bán fá cheantar Bhaile na Finne. Agus scríobh sé mórán gearrscéalta, b’fhéidir, ag caint fá luibheanna agus leigheasanna agus rudaí atá ar shiúl go hiomlán i láthair na huaire, ach gurb é go raibh Seán Bán, mar a dúirt mé, ar an fhód ag an am agus go bhfuil sé seo uilig scríofa aige. Agus tá leabharthaí Sheáin Bháin uilig coinniste<sup>4</sup> san ionad, Áras Sheáin Bháin.

Scríobh Seán Bán a chéad leabhar sa bhliain naoi déag cúig déag. Agus scríobh sé sin ar ‘Scéalta Gairide Geimhridh’. Agus thug sé scéalta ansin faoi dhaoine, b’fhéidir, as an cheantar. Luaigh sé mórán daoine agus an caitheamh aimsire a bhí acu, agus cén dóigh a rachadh oíche airneáil ar aghaidh agus, an bhfuil a fhios agat, scéalta mar sin. Agus bhí an leabhar sin iontach suimiúil ar fad.

Ach, chomh maith leis sin, tá Gaeilge luachmhar fríd na leabharthaí uilig<sup>5</sup>. Tá Gaeilge ann nach bhfuil i mBaile na Finne anois. Agus is rud mór sin. Tá mórán den chaint a bhí aige... mar déarfadh sé, b’fhéidir, ‘dearc chugat mar a dhearcas tú uait’. *Well*, níl sin i gcanúint an lae inniu.

Agus ansin, bhéarfadh sé comhairle fosta ina chuid scríbhneoireachta, mar a déarfá. Agus chaomhnaigh sé seo agus chuir sé go mór le sealbhú teanga sa cheantar. Agus tá cuid de na seandaoine anois, tá an chuid is mó acu ar shlua na fírinne a raibh cuimhne acu ar Sheán Bhán. Fuair sé bás sa bhliain naoi déag seasca is a dó. Agus, creidim, níl sin – tá sé píosa maith ar ais anois – ach, san am chéanna, tá mórchuid de na daoine anois... b’fhéidir go mbeadh cúpla duine fágtha a mbeadh aithne acu air.

**1** ...*faoi chomaoin*... Fuaimníonn Máire seo amhail is gur ‘faoi choimín’ a bheadh ann.

**2** ...*ach gurb é go dtáinig sé*... Is ionann seo agus ‘murach gur tháinig sé’. I nGaeilge Uladh, úsáidtear ‘go’ agus ‘nach’ seachas ‘gur’ agus ‘nach’ in aimsir chaite roinnt briathra neamhrialta.

Tá leagan eile i nGaeilge Uladh arb ionann ciall dó agus do ‘ach gurb é’ – is é sin ‘ach ab é’, atá coitianta go maith fosta.

**3** ...*an t-aon scríbhneoir*... t caol atá i dtús an fhrása ‘an t-aon’. I dTír Chonaill, fuaimnítear é amhail is gur ‘an t-éan’ a bheadh ann.

**4** ...*coinniste*... Foirm mhalartach den aidiacht bhriathartha ‘coinnithe’. Is le briathra den dara réimniú is mó a úsáidtear an fhoirm seo, mar shampla ‘ceannaithe’ > ‘ceannaiste’.

**5** ...*fríd na leabharthaí uilig*... Is é ‘fríd’ a deirtear i nGaeilge Uladh áit ar bith a mbeadh ‘trí’ nó ‘tríd’ i gcanúintí eile. Is cuma faoi uimhir an ainmfhocail: ‘shiúil siad fríd an bhaile’ nó ‘shiúil siad fríd na bailte.’